Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Feabhra 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2016/0062(NLE)**

6315/2/23
REV 2

LIMITE

JAI 158
FREMP 39
DROIPEN 23
COCON 15
COHOM 45
EDUC 49
MIGR 59
SOC 95
ANTIDISCRIM 16
STAT 5

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2) |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hinstitiúidí agus riarachán poiblí an Aontais<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, tearmann agus *non-refoulement*<br>*– Comhaontú i bprionsabal*<br>*– Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa* |

1. An 4 Márta 2016, chuir an Coimisiún dhá thogra le haghaidh cinntí ón gComhairle faoi bhráid na Comhairle: ceann amháin maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl)[1] agus ceann eile maidir leis an gCoinbhinsiún sin a bheith á thabhairt i gcrích ag an Aontas Eorpach[2].

[1] 6695/16, 6695/16 ADD 1
[2] 6696/16, 6696/16 ADD 1

2. Scrúdaíodh na tograí sin sa Mheitheal um Chearta Bunúsacha, Cearta na Saoránach agus Saorghluaiseacht Daoine (Meitheal FREMP). Rinneadh an cinneadh maidir le síniú a dheighilt ina dhá chuid chun an gheoiméadracht athraitheach ó thaobh an limistéir saoirse, slándála agus ceartais de a chur san áireamh.

3. An 11 Bealtaine 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2017/865 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le hábhair a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla[3] agus Cinneadh (AE) 2017/866 ón gComhairle an 11 Bealtaine 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac i ndáil le tearmann agus *non-refoulement*[4]. Shínigh an tAontas an Coinbhinsiún an 13 Meitheamh 2017.

4. An 9 Iúil 2019, d'iarr Parlaimint na hEorpa tuairim ar an gCúirt Bhreithiúnais de bhun Airteagal 218(11) CFAE. Cuireadh plé Mheitheal FREMP i ndáil leis na dréachtchinntí ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích Choinbhinsiún Iostanbúl ar fionraí fad is a bhí na himeachtaí cúirte ar siúl.

5. An 6 Deireadh Fómhair 2021, thug an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra) Tuairim 1/19 uaithi. Leagtar amach an anailís ar an Tuairim sin i Nóta Faisnéise an 11 Samhain 2021 ó Sheirbhís Dlí na Comhairle chuig Coreper[5].

6. Chuir Meitheal FREMP tús leis an bplé an athuair agus, an 20 Iúil 2022, thángthas ar chomhaontú maidir le téacs an dá dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir leis an tabhairt i gcrích, arna leasú i bhfianaise Thuairim 1/19. Leagtar amach na téacsanna, arna n-athbhreithniú ag na dlítheangeolaithe, in 5514/23 agus 5514/23 COR 1 agus 5523/1/23 REV 1.

[3] IO L 131, 20.5.2017, lgh. 11-12
[4] IO L 131, 20.5.2017, lgh. 13-14
[5] 13800/21



PUBLIC

7. Ina theannta sin, chuir Meitheal FREMP bailchríoch ar an obair ar an gCód Iompair lena leagtar síos na socruithe inmheánacha maidir le feidhmiú chearta agus oibleagáidí an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát faoi Choinbhinsiún Iostanbúl. Tá téacs an Chóid Iompair le fáil in 6087/23. Tháinig an Mheitheal seo ar chomhaontú freisin maidir le téacs dréachtdhearbhaithe a bhaineann le hinniúlacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le hábhair arna rialú le Coinbhinsiún Iostanbúl. Leagtar téacs an Dearbhaithe seo amach in 6088/23. Cuirfear na doiciméid sin faoi bhráid na Comhairle lena bhformheas ag céim níos faide anonn, tráth a dhéanfaidh sí cinneadh i ndáil leis na Cinntí maidir leis an Tabhairt i gCrích a ghlacadh go críochnaitheach, tar éis toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa.

8. Ag an gcruinniú a bhí aige an 15 Feabhra 2023, scrúdaigh Coiste na mBuanionadaithe (Cuid II) téacs na ndréachtchinntí ón gComhairle maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl a bheith á thabhairt i gcrích ag an Aontas, a leagtar amach in 5514/23 agus 5514/COR 1 agus 5523/1/23 REV 1, agus d'aontaigh sé moladh a thabhairt don Chomhairle a comhaontú i bprionsabal a dhearbhú maidir le téacs na gcinntí sin. D'aontaigh Coiste na mBuanionadaithe freisin moladh a thabhairt don Chomhairle toiliú ó Pharlaimint na hEorpa a iarraidh maidir leis na dréachtchinntí sin. Ag an gcruinniú sin, chuir toscaireachtaí na Bulgáire, na hUngáire, na Polainne agus na Slóvaice in iúl nach raibh siad in ann tacú le téacs na gcinntí ón gComhairle. Is féidir teacht ar na ráitis ó thoscaireachtaí na Bulgáire, na hUngáire agus na hÉireann, atá le cur i miontuairiscí na Comhairle ó thoscaireachtaí, chomh maith leis an ráiteas comhpháirteach ón gCipir, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ó Éirinn, ó Mhálta, ón tSlóivéin agus ón Spáinn in aguisín 6315/23 ADD 1 REV 2 a ghabhann leis an Nóta seo.

9. Iarrtar ar an gComhairle, dá bhrí sin, an comhaontú i bprionsabal a dhearbhú maidir leis an dá dhréachtchinneadh ón gComhairle maidir le Coinbhinsiún Iostanbúl a bheith á thabhairt i gcrích ag an Aontas, mar a leagtar amach in 5514/23/COR 1 agus 5514/COR 1 agus 5523/1/23 REV 1 é, agus toiliú Pharlaimint na hEorpa a lorg maidir leis an dá dhréachtchinneadh sin ón gComhairle.

PUBLIC